Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12351/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0237 (NLE)**

**ECOFIN 1083**
**UEM 391**
**FIN 1148**
***ECB***
***EIB***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Lúnasa 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 433 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 17 Meitheamh 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 433 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 433 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 7.8.2026
COM(2026) 433 final

2026/0237 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 17 Meitheamh 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne**

{SWD(2026) 265 final}

GA GA

2026/0237 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 17 Meitheamh 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Pholainn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 3 Bealtaine 2022, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 17 Meitheamh 2022, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 16 Iúil 2024[4], an 20 Meitheamh 2025[5], an 12 Nollaig 2025[6] agus an 12 Meitheamh 2026[7].

(2) An 15 Iúil 2026, chuir an Pholainn iarraidh réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin go ndéanfaí togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é go bhfuil imthosca oibiachtúla i gceist a fhágann nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an bPolainn.

***Leasuithe atá bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir an Pholainn isteach mar gheall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 29 beart.

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.
2 ST 9728/22 INIT; ST 9728/22 ADD 1.
3 ST 15835/23 INIT; ST 15835/23 REV 1; ST 15835/23 ADD 1.
4 ST 11805/24 INIT; ST 11805/24 ADD 1.
5 ST 9590/25 INIT; ST 9590/25 ADD 1.
6 ST 15795/25 INIT; ST 15795/25 ADD 1; ST 15795/25 ADD 1 REV 1 (pl).
7 ST 9521/26 INIT; ST 9521/26 ADD 1.

(4) Tá mínithe ag an bPolainn go bhfuil sé bheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh mar gheall ar dhálaí aimsire dúshlánacha le linn an gheimhridh, conarthaí a bheith curtha ar ceal gan choinne, moilleanna tionscadail agus easpa éilimh. Baineann sé sin le A1.3.1 Cur feidhme an athchóirithe ar phleanáil maidir le húsáid talún, B1.1.5 Infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh cónaithe ilárasán, B2.2.3 Oibreacha tógála chun saoráidí a uasghrádú/a leathnú i gcalafoirt Łeba, Ustka agus Darłowo, B3.5.1 Infheistíocht i dtionscadail tithíochta, C1.1.1 Rochtain ar líonra leathanbhanda, E3.1.1 Saoráid chun tacú le geilleagar ísealcharbóin. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bPolainn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

(5) Tá mínithe ag an bPolainn go bhfuil dhá bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le D1.1 Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí sláinte, agus E1.1.2 Busanna agus tramanna astaíochtaí nialasacha agus ísle. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bPolainn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

(6) Tá mínithe ag an bPolainn go bhfuil 17 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le A1.2.1 Tionscadail arb é is aidhm dóibh gníomhaíochtaí gnó a éagsúlú, A1.4.1 Nuachóiriú bonneagair nó trealaimh in earnáil na talmhaíochta, A2.1.1 Infheistíochtaí lena dtacaítear le róbatú nó digitiú i bhfiontair, A2.6.1 Infheistíocht sa Chóras Náisiúnta Faisnéise Satailíte (NSIS) agus satailítí, B3.4.1 Infheistíochtaí i gclaochlú glas cathracha, C2.2.1 Teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, C3.1.1 Cibearshlándáil – CyberPL, bonneagar próiseála sonraí agus barrfheabhsaithe bonneagair seirbhísí forfheidhmithe dlí, D1.1.1 Nuachóiriú ionad cúraim an-speisialaithe agus soláthraithe cúraim sláinte eile, D1.1.2 Claochlú digiteach cúraim sláinte, D2.1.1 Infheistíochtaí a bhaineann le saoráidí teagaisc a nuachóiriú agus a iarfheistiú agus cur leis an líon daoine a ghlactar isteach i gcúrsaí staidéir leighis, D3.1.1 Forbairt chuimsitheach ar thaighde i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte, E1.1 Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, E2.1.1 Línte iarnróid, E2.1.3 Tionscadail idirmhódúla, E2.2.1 Infheistíochtaí sábháilteachta iompair, G1.1.4 Tacaíocht d'institiúidí a chuireann athchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU chun feidhme, G1.2.4 Líonraí dáileacháin leictreachais a thógáil nó a nuachóiriú. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bPolainn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

(7) Tar éis laghdú leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an bPolainn leibhéal cur chun feidhme ceithre bheart a mhéadú. Baineann sé sin le C2.1.1 Ríomhsheirbhísí poiblí agus réitigh TF don riarachán poiblí, C4.1.1 Tacaíocht d'ardchlaochlú digiteach, E2.1.2 Rothstoc iarnróid paisinéirí agus G1.2.3 Líonraí tarchuir agus bonneagar leictreachais cliste. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bPolainn go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme ceithre bheart a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

***Measúnú an Choimisiúin***

(8) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas, an bhithéagsúlacht san áireamh***

(9) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 40,29 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, agus 68,34 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a leagtar amach sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021-2030 a cuireadh isteach le déanaí, d'ainneoin gur go déanach a cuireadh isteach é. Níl tionchar ábhartha ag modhnú an phlean leasaithe ar a uaillmhian i leith an aistrithe aeráide. D'ainneoin na leasuithe, tá an plean leasaithe fós ag rannchuidiú go mór leis an maolú ar an athrú aeráide trí bhíthin idirghabhálacha i dtaobh táirgeadh agus dáileadh fuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú foirgneamh agus iompar astaíochtaí nialasacha.

(11) Tá na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe fós ag rannchuidiú go mór leis an aistriú glas. Tá méadú ó 40,05 % go dtí 40,29 % tagtha ar rannchuidiú aeráide an phlean leasaithe i gcomparáid leis an measúnú roimhe seo. An méadú atá tagtha ar an rannchuidiú le cuspóirí aeráide, is toradh é ar an méadú ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart E2.1.2 Rothstoc iarnróid paisinéirí agus G1.2.3 Gréasáin tarchurtha agus bonneagar leictreachais cliste. Ní athraíonn raon feidhme teoranta na leasuithe sin an measúnú foriomlán ar an gcritéar sin.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(12) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 21,28 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(13) Tá na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe fós ag rannchuidiú go mór leis an aistriú digiteach. Tá laghdú ó 21,30 % go dtí 21,28 % tagtha ar rannchuidiú digiteach an phlean leasaithe i gcomparáid leis an measúnú roimhe seo. An laghdú atá tagtha ar an rannchuidiú le cuspóirí digiteacha, is toradh é ar an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme an bhirt C1.1.1 Rochtain ar líonra leathanbhanda. Ní athraíonn raon feidhme teoranta na leasuithe sin an measúnú foriomlán ar an gcritéar sin.

***Costáil***

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le

prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(15) Tá meastacháin ar chostais curtha ar fáil ag an bPolainn do gach cineál beart faoina plean leasaithe lena mbaineann costas. Ar an iomlán, tá an mhodheolaíocht agus na toimhdí a úsáidtear chun na meastacháin ar chostais a bhaint amach soiléir agus sothuigthe, agus is minic a bhunaítear iad ar thionscadail roimhe sin arna maoiniú ag cistí an bheartais comhtháthaithe. I gcásanna áirithe, is teoranta na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáidtear chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh, rud a chuireann bac ar mheasúnú iomlán dearfach ar na meastacháin ar chostais. Chuir an Pholainn doiciméadacht tacaíochta mhionsonraithe ar fáil freisin maidir le formhór na gcineálacha idirghabhála chun bonn cirt agus an fhianaise a bhaineann leis na meastacháin ar chostais a chur ar fáil. Thug an Pholainn faisnéis agus dearbhú leordhóthanacha nach gcumhdaítear costais a plean le maoiniú eile ón Aontas. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean leasaithe i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé comhréireach leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(16) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a mhol an Pholainn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean na Polainne i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k).

*Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)*

(17) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795, mheas an Pholainn gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mheas an Pholainn, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le cur san áireamh sa phlean leasaithe toisc nach raibh a dhóthain ama ann chun tionscadail den sórt sin a chur i gcrích roimh dháta deiridh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

*Measúnú dearfach*

(18) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá i dtaca le cur chun feidhme an phlean leasaithe a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, chomh maith leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i gcomhair chur chun feidhme an phlean leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(19) Is é costas iomlán measta phlean leasaithe na Polainne EUR 54 718 157 234. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Pholainn, an ranníocaíocht airgeadais a leithdháilfear ar phlean leasaithe na Polainne, ranníocaíocht

arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart ranníocaíocht EUR 25 276 853 716 a bheith inti. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Pholainn.

***Iasachtaí***

(20) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta dar luach EUR 29 441 303 518 atá ar fáil don Pholainn.

(21) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a ionadú go hiomlán.

(22) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraíonn an Cinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh maidir le cásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean*

Formheastar an measúnú ar phlean leasaithe na Polainne ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne, leasaítear é mar a leanas:

an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, cuirtear in ionad na hIarscríbhinne é.

[8] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Poblacht na Polainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*